C/2025/780

30.1.2025

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2025/780)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

(1) *ar leathanach 244, cuirtear isteach an nóta míniúcháin seo a leanas:*

'5603 **Ábhair neamhfhite, bídís tuilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe nó ná bídís**

Cuimsítear leis an gceannteideal seo táirgí ina gcomhcheanglaítear uige neamhfhite (de shnáithíní teicstíle) le snáithíní ceallalóis trí phróiseas nasctha sníomhlásála/hidreanascála (féach freisin Nóta Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 5603, II. Nascadh agus III. Bailchríochnú).

Ar thaobh amháin tá an uige neamhfhite fós infheicthe agus is í is iomadúla agus ar an taobh eile tá na snáithíní ceallalóis fós infheicthe agus is iad is iomadúla.

I bhfianaise an phróisis monaraíochta agus na saintréithe a thugann na snáithíní teicstíle don táirge (neart, frithsheasmhacht, airíonna fadmharthanacha, boige ar an gcraiceann, leacht-éarthach), ní athraítear saintréithe an táirge agus snáithíní ceallalóis ann. Fiú mura bhfuil na snáithíní teicstíle ar na cinn is iomadúla i ngach cás, leanann an cineál táirge sin de bheith aicmithe faoin gceannteideal seo.

Féach freisin an nóta míniúcháin a ghabhann le fo-cheannteideal 6210 10 92.';

(2) *ar leathanach 267, sa nóta míniúcháin a ghabhann le fo-cheannteideal '6210 10 92 Gúnaí aon úsáide, de chineál a úsáideann othair nó máinlianna le linn gnáthaimh mháinliachta', cuirtear isteach an dara mír seo a leanas:*

'Cuimsítear leis an bhfo-cheannteideal seo "gúnaí máinliachta sníomhlásála" atá déanta as ábhair neamhfhite i gcás ina gcomhcheanglaítear an uige neamhfhite (de shnáithíní teicstíle) le snáithíní ceallalóis trí phróiseas nasctha sníomhlásála/hidreanascála (féach freisin an nóta míniúcháin a ghabhann le ceannteideal 5603).

Féadfaidh treisithe fabraice poileistir a bheith ar an taobh istigh freisin.'.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.